

Éist le vlag Anna agus roghnaigh ceithre ráiteas ón liosta thíos atá fíor. (Transcript)

Anna : Anna an t-ainm atá orm agus Ní Mhuireagáin an sloinne atá orm.

Rugadh agus tógadh mé i nDeisceart Ard Mhacha amuigh faoin tuath. Tá mé sé bliana déag d'aois faoi láthair agus bíonn mo bhreithlá ann i mí an Mhárta gach bliain.

Tá mé i mo bhall de theaghlach measartha mór, tá cúigear i mo theaghlach. Níl deirfiúr ar bith agam.

Tá mo dheartháireacha, Toirleach agus Pádraig, ocht mbliana déag d'aois.

Sílim go bhfuil mé iontach greannmhar ach ní aontaíonn mo dheartháireacha liom.

Tá dath donn ar mo chuid gruaige agus tá mo shúile donn fosta. Is duine spórtúil mé agus síleann mo chairde go bhfuil mé maith ag an chamógaíocht.

Is fearr liom bheith ag canadh agus bheith ag éisteacht leis an raidió agus le ceol.

Éist le vlag Anna agus roghnaigh ceithre ráiteas ón liosta thíos atá fíor. (Translation)

Anne : Anne is my name and Morgan is my surname.

I was born and raised in south Armagh in the countryside. I am 16 years old at present and my birthday is in March every year.

I am a member of a fairly big family, there are five in my family. I have no sisters.

My brothers, Toirleach and Pádraig, are eighteen years old.

I think that I am very funny but my brothers do not agree with me.

My hair is brown and my eyes are brown also. I am a sporty person and my friends think that I am good at camogie.

I prefer to sing and to listen to the radio and music.